

SGÉUL BHAINRIOGHAN GHLEANN UAIGNIS.

Rí mór abhí in Éirinn fadó agus nuair abhí sé in ám pósta aige chuaidh sé go Sasana agus thug sé bean as - bean mhór, cheap sé nach raibh a dhiall dhe bhean in Éirinn. Phosadar bhí said an aonfacht ansoin go raibh mac acab nuair a bhaist siad é sé'n tainm a thug siad air Jack. Ní mórán aois abhí sé nuair a cailleadh a athair. Phós sí ar a bpointe boise agus bhí sí pósta ansoin go raibh triúr ingean aici. Ní mórán aois abhí ag Jack orthab. Bhí sé géirigh suas ansoin, bhí an chion ag an triúr ingean air, ní raibh cion ar bith ag a mhathair air ach bhí cion ag a leas athair air. Thug sé faoi deara ansoin agus thug se faoi deara go raibh ní ba mhú cionn ag a mhathair ar na hingeanacha ná air fhéin.

Rinne sé aimsir leis an bhfarraige nuair abhí a bhliain thuas aige fuair sé bosca faoi thír agus trí ribe gruaige bean ann. Bhí na ribeacha i ndon solus a dheanamh san oidhche chomh maith le solua a' bith. Nuair a chonic sé an solus sa oidhche orthab, dubhairt a tathair "sin gruaig mná" adeir sé "agus má seadh fhéin ní'l aon mhaith dhuit-se cainnt uirthi ní'l aon bhean sa domhan a bhfuil an solus sin ar a gruaig ach aon bhean amháin agus tá sé cinnt ar an domhan a dhul chomh fada léithe. Agus sé'n áit a bhfuil an bhean sin" adeir sé "san aifeirighe thoir, sa nglean Uaignis agus tá sé cinnt ar dhuine bith í fhághail amach."

"Cuirimse faoi gheasa thú agus faoi mhór dhiomú na bliana thú" adeir a mhathair "gan an dara oidhche a chodhladh ar aon leaba ná an dárna béilí ithe dhe aon mhias go bhfeugh tú amach an bhean sin." Ní raibh neart air. Is olc a bhean thú adeir a tathair." A! a deana go maith do atá mé" adeir sí.

"Bhuail leis ar maidin lá'r na mhaireach. Sgearr a chuaidh sé nuair a casadh gearáinín leis. Dfiurruigh an gioráinín dhe cá raibh sé dhul. Dinnis sé dhó. Is olc an áit a bhfuil tú dhul adheir an gearáinín bféidir go bhfaighfeá amach í ach is fada an lá é, caithfhidh tú treabhadh a dheanamh ach a bhfuil aon mhaith do mharcach leat." Tá " adeir sé "má tá" adeir sí "gabh a marcúigheach ormsa agus seo ceirtlín duit agus nuair a ghabhfhas tú ar bhruch na farraige caith amach an cheirtlín agus déanfhaidh sí bóthar domsa go dteigh mé don Fhrainnc," nuair tháinig sé don Fhrainnc ansoin bhí sé gimtheacht leis oidhche ar gach teach agus nuair a bhíodh mórán le siubhal aige thagadh an gearáinín chomh fada leis.

Bhí sé siubhal leis ansoin nú gur imtigh sé as an Fhrainnc. Dubhairt an giorráinín ansoin leis ansoin go dtiubharfhadh sé ag fathach i bPrúisia é agus mar a ndeanfhadh sé aon mhaith le dhul ag a bhfatach nach raibh fhios aige céard a dhéanfhadh sé nuair a thug sé ag teach an fhathaigh ansoin é. "Nuair a thioctas sé aniar a'd déarfeidh sé fú fá fiasóg fágghaim balaith an Éireannach, abair thusa nach Éireannach tú gur a dhul amudha atá sé gur as an mBreatain thú socrochaidh sé síos ansoin leat, nuair a gheobhfadh tusa socruigh síos ansoin é abair gur

mac leis thú, gur dhubhairt do mhathair leat nuair abhí tú dfear a dhul chomh fada le tathair i bPrúisia. Déarfaidh sé ansoin bhí a léitide a'n.

Chuaigh sé isteach agus rinne sé mar dubhairt an gearáinín. "Tá seisear mac eile amsa" adeir a fathach leis agus beidh tú an aoifhacht léothab." Bhíodh sé ag imteach an aonfhacht léothab ansoin agus sé'n obair abhí ar Jack a breathnughadh indiadh caiple. Bhí sé fágáil scoile freisin ann. Bhí sé suim aimsire mhaith ann ansoin. Chuaigh an fathach amach ag iasgach lá agus fear an aonfheacht leis. Chonnaic sé lacha fhiadhaín agus seacht néan aice agus dionnsuigh sí bualadh ceann acab. Lár na mháireach chuaigh sé amach aríst agus chonaic sé an rud céudna agus an tríomhadh lá chonaic sé aríst é bhí sean fhear glic aige agus chuaigh sé go dtí é agus dfiarruigh sé cén chiall abhí leis "bhí seacht nuibhe aici sin" adeir a sean fhear glic "agus ca cheart di ceann acab a thabhairt dhon deachma." "tá mór seisear mac a'm sa "adeir an fathach agus ceard a dhéanfas mé léotab". Nuair a ghabhfas siad ag a scoil ná hinnis tada doibh" adeir an sean fhear ach abair go dtiubhrfhaidh tú gifte dhoib agus an té bheas ar deire a teacht abhaile abair leis imteacht.

Nuair a tháinig siad abhaile bhí Jack ar deire "ara a Jack chroidh" adeir sé "tá tú ar deire." Bhoil is tusa an mac ba mheasa liomsa abhí riamh ann." Deamhain neart air" adeir Jack. Shiubhail Jack uaidh amach agus ní raibh seacht gcoisméigeacha siubhalta aige uaidh 'n ngeata nuair a thainig an gioráinín go dtí é. "Tá tú díbrighthe" adeir an gioráinín. "Táim" adeir sé. "Buail ar mo dhroim anois adeir sí "agus tiubhrfheidh mé ag a dhreathair thú ach ní innséochaidh tusa dhon dréathair é - fathach eile atá i Rúisia" adeir sé.

Bhuail sé leis go dthug sé 'n gar don chúirt é "buail isteach anois aige" adeir sé agus socróchaidh tú síos leis agus abair nach bhfuil aon fhear capall le fágáil chomh maith leat agus aige sin atá na caiple breagh" adeir sé. Bhuail sé isteach aige. Dfíarruigh an fathach de cé ní no cé hé nó ce hoilean é. "Cén tainm atá ort adeir sé. "Jack" adeir sé. "Jack na gcapall a thugann siad orm. Ní raibh aon cheird ariamh a'm ach a tendéail ar chapail agus a pléidh léothab." "S tú tá teastáil anseo" adeir an fathach tá mise sgriosta anseo ag daoine atá a breathnughadh ndiadh caiple agam go deimhin tá mo chuid caiple millte acab" adeir sé.

Dimthigh leis, nuair a bhreathnuigh sé ndiadh obair Jack cheap sé nach ndéanfhadh sé fhéin leath chomh maith é. Agus ní raibh sé déanamh rud a bith ach rud a bith a dhéarfadh Jack leis sé a dheanfhadh sé. Bhí sé fhéin is an fathach a bainnt ceart maith as a chéile go raibh sé aige tarringt ar bhliain. "Bhoil" adeir a fathach adeir sé "tá mise dhul ar cuairt ag mo dhreatháir, fuair mé sgeala go raibh sé tinn. Breathuigh fhein indiadh chuile rud anseo ní bheidh mé ar ais go ceann seachtaine."

Dimtigh leis agus mar abhí sé cheithre lá ann tháinig an gearáinín go dtí é. "Seo fáinne dhuit" adeir sí "agus breathuigh thríd agus feach a bhfeicfeá tada." Feicim" adeir sé "na sluaighte a teacht agus iad gléasta in arum agus in éadach agus fear mór amach rútab." "Gléas suas thú fhéin" adeir sí "i do chulaith ghaisge agus chruaidh comhrac agus má tá aon mhaith tfear leat tá sé tastáil uait. Sin fear nuair a chuala sé go raibh an fathach imthighthe ata a teacht go dtóighfid sé an chúirt" Ghléas sé suas é fhéin ansoin ina chulaith ghaisge chruaidh comhrac mar bhí a chóitín de chraiceann easgaine go dtí pluc a dhá mhása, spuir

deirgneacha ghréigeacha ghreanta trea is puán na míol mór no na mháidri da dheineamh a' ina chlainne dileach deiltleach foilíní foilineá agus na holagóm. Bhí sé sgríobtha síos 'na litreacha móra air gur bé fhein beó, beota na mbeóta fear mharbhuighad na céudhta fear cóir is ceart a bhaint amach gan cóir ná ceart a bith a thabhairt uaidh. Go ndeachaidh sé ar bhun a thalamh i mala bhréugaigh a raibh na dá greinn déug a dhul an maitheasa ann. Mar bhi trí ghreim ó mhnaoi cúin caol, toin mhór agus intinn maibhreach. Trí greim ó tharbh muala reamhar éudan dána agus seasamh statamhail. Trí ghreim ó shionnach súile bhiorach, cluais aireach agus drioball sgothach, trí ghreim ó gierfhiadh fillleadh, grot, agus léim árd.

Bhí chúige ansoin dubhchan na gcnoc agus breacadh na ngleannta. Chuaigh sé thartabh, fúthab agus thartabh nuair a bhaineadh sé an cloigeann dhe dhuine acab mharbhuigheadh an cloigeann cuigear acab. Rinne sé trí charnán dhíob. Carnán dá gcloigeann agus cárnán dá gcolainn agus ola mhór mhaithheasa dá gcuid airm is éudach. Sgearr go dtáinig an fathach aríst aige. Bhí sé cur síos do bhfuil a fear sin go maith "adeir Jack." Níl fhios am adeir a fathach fuair sé bás. Cé sort úchta rinne sé adeir Jack. "Rinne sé aon rud amhain" adeir a fathach "dubhairt sé go raibh mac aige agus gur imthigh sé uaidh agus dfag sé páirc mhór capaill aige gan aon bhainnt a bheith ag aon dhóib go bhfillleadh sé, agus tá mise ceapadh gur tusa an mac sin"

Nuair a bhí an bhliain istigh ag Jack "tá mé ag iarraidh a dhul abhaile" adeir Jack. "ar cuairt" adeir sé. "Ní bheinn amuigh" adeir sé "ach cupla lá" "Ó is Cuma liom" adeir an fathach.

Bhuail leis ansoin go ndeachaidh sé go dtí an pháirc agus sé'rd abhí ann naoi láir déag agus dhá shearach ag diúl ar chuile lair acab. Nuair a chonaic sé an méid sin ansoin agus chomhair sé iad chuaidh sé isteach sa bpáirc agus casadh brommacháin beag air. "Muise chreatúirín beag " adeir sé céard tá ort nú bhféudhfhainn tada dheanamh dhuit." Déadfá adeir sé "dá mbainfeá an cloigeann dhe na hocht gcinn déag is fiche dhe shearraigh sin a'd agus cead thabhairt dhom a dhul a diúl ar na láireacha go ceann bliana dheanfainn maith éicint dhuit ansoin." Diabhal mara ndeanfadh" adeir sé "agus tiubhrfhaidh mé rud dhuit a ghlanfas as iad" adeir sé tiubhrfhaidh mé meán gabhair dhuit a ghlaoidhfheas ar bheag eunlaith agus mór éunlaith an aéir agus abair léothab go b'sin dinnéar a thug tú dhóibh agus má bhíonn aon chruaidh chomhroc ort go bráthach go mbeidh tú súil go dtiocfhaidh siad a chongnamh duit." Nuair a tháinig siad gheall siad do nach mbeadh aon áit ar fud na seacht rioghachta nach mbeadh cuid acab ann agus go dtiocgadh siad a chongnamh dhó agus go mbeadh chuile bhuaidh aige a dféadfadh siad.

D'ímtigh leis ansoin agus tháinig sé chomh fada leis an teach a raibh sé'gobair a gcomhnuidhe ann. Bhí sé gobair leis go ceann bliana agus nuair abhí an bhliain thuas aige dubhairt sé leis féin go dtiocfhadh sé ag breathnughadh ar a bpáirc aríst. Nuair a tháinig sé chomh fada leis a bpáirc aríst bhí trí shearach ag gach uile chapall acab. Nuair a chomhair sé iad agus chuaidh sé féuchaint a bhfeicfeadh sé an bromach a bhí go dona. Bhí sé seach nuair ní ba donna ná bhí sé. "Ó tá an léan ort" adeir sé "Tá mé go dona anois" adeir an bromach. A bhfeadfainn rud a bith a dheanamh dhuit" adeir sé. Marbuigh na searaigh adeir sé agus lig a diúl mé agus bhféidir go mbeadh feabhas éicint aríst ionam. Thug sé

feadóg eile dho “glaoidhfídh anois” adeir sé “ar na beithidhigh is láidre sa gcoill” adeir sé agus tiubhrfáidh tú dóibh é sin agus deanfháidh siad sin go maith dhuit.”Glaoidh sé orthab agus tháinig siad agus ghlac siad buidheachas leis “níl ort ach glaodhach orraine” adeir siad aon lá chaoidhchin a mbeidh cúis ort agus deanfháidh muide chomh maith dhuit agus fhéudhfhas muid.

Chuaidh sé abhaile go ceann bliana agus ansoin thainig sé ag an bpairc aríst agus bhí cheithre shearach bheirthe ag chuile chapall agus chuaidh sé toruigheacht an bhuachaill agus seacht ndona abhí sé. “Á muise creidim nach féidir maith a dhéanamh dhuit” adeir sé. Níl ann” adeir an bromach ach dhá mbainfheá na cloigne dhen méid sin searraigh anois go mbéidir go ndeanfhadh sé maith dhom “muise bí go dona nú go maith” adeir sé “deamhain a mbainfhídh mise aon chloigeann amach níos mú duit”. “Tá mise rádh leat” adeir an bromach nuair a ghabhfhas tú abhaile solus a thabhairt sa stábla leat nó má fheiceann an fathach na ribeacha sin rachfháidh mise mbannaí dhuit go mbainfhídh sé siubhal asat.” Chuaidh sé abhaile agus bhí píosa den oidhche air agus bhuail sé amach sa stabla. Ní raibh aon tsolas aige ach bhain sé an clár den bhosca agus las an stabla suas. Cé bheadh a teacht isteach ach an fathach. “Cé bhfuair tu na ribeacha sin” adeir sé. “Fuair mé faoi thír iad adeir sé. “Ní maith liom é dheanamh leat” adeir a fathach “ach caithfidh mé é dheanamh leat, caithfidh mé an bhean sin fhágáil le pósadh. Cuirfidh mé faoi gheasa thú.” “Ná bac le mé chur faoi gheasa” adeir Jack gabhfáidh mé ar a toruigheacht dhuit”. Chuaidh sé breathnuighadh ar na searraigh arist lá’r na mháireach agus chuaidh sé go dtí an bromach nar dubhairt mise leat” adeir a bromach “gan na ribeacha sin spáinnt dhon fhathach agus tá tú faoi gheasa indiu.” “Níl mé faoi gheasa” adeir sé “dubhairt mé leis gan aon gheasa chuir orm” “Is ionann an cas” adeir a bromach. “Ní thiubhraidh sé sin aon tsuimhneas duit go dteigh tú ar a tóruigheacht agus arnú má fhágann tu í ní aige san a bheas sí. Bhfuil aon mhaith in do mharcuigh anois leat” adeir sé “Tá” adeir sé “Ní mór dhuit é” adeir an bromach. “Cé - air a bhfuil mé dhul a marcuigheacht” adeir sé. “Ormsa” adeir a bromach. “Arnú níl tusa i ndon mé iompar” adeir sé. “Fan thusa ar mo dhruim” adeir an bromach agus sgearr go bhfeicfidh tú an bhainrioghan” Bhuail sé ar marcuigheacht agus bhí an bromach ag imteacht idir neamh is talamh corr uair go raibh píosa mór siubhalta acab gur isligh sé ar talamh faoi dheire. “Ná bíodh faitchios a’bith ort” adeir a bromach beidh sí sin a teacht anois agus ceapadh tú go be nos a mharbhochaidh sí tú ach tá sí teacht agat chomh sgiobtha is tá tusa a dhul go dtí í.

Tháinig sí acab agus rug sí ar a gcapall agus dionntuigh sí ar ais í. Chuaidh sí féin suas ar a chúl go dtug sé isteach ag a bhfathach í. Bhí fear na fáilte amuigh ag a bhfathach rútabh “níl aon mhaith duit a cainnt” adeir sí “ní phósfáidh mise aon fhear go deo ach fear a thabhrfhas agam an Stud A Bells atá céad feath síos i bpoll as cionn ghleann Uaignis agus gan air ach a hata féin. “Tá sé chomh maith duit” adeir a fathach le Seán na gcapall a dhul dhá hiarraidh siúd dhom.” Dubhairt sé ansoin go ngabhfadh.

Chuaidh sé amach agus casadh an bromach air. “Tá geasa anois ort” adeir sé “O níl” adeir sé “ach nach bhfuil sé chomh maith é dheanamh gan geasa a bith má fhéadaim é. “Bhí fhios ag an mbrocháin cé’n geasa bhí air” “dhul ag iarradh na Stud A Bells atá tú” adeir sé. “Seadh” adeir sé. Caitfhídh muid rópa fhágáil a bheas céad feath air fad” adeir sé agus coinneóchaidh

mise an rópa agus leigfhidh tú síos mise agus nuair a bheas mé thíos deanfhaidh mé fear dhíom fhéin agus deanfaidh mé í marcuigheacht aníos ar a rópa.”

Dimtigh siad leótab go ndeachaidh siad ann san áit a raibh sí. Leig seisean a bromacháin síos ar an rópa go ndeachaidh sé síos céad feáth san áit a raibh an Stud A Bells agus nuair abhí sé thíos rinne sé í a mharcuigheacht aníos go dtí barr na haille. Nuair abhí sí thuas ansoin chuaidh Seán a marcuigheacht uirthi go dtí sé abhaile go dtí an áit a raibh an bhanrioghan. Nuair abhí Stud A Bells aici ansoin “bhoil ní phósfhaidh mise aon fhear go bráthach” adeir sí “ach an fear a thiubhrfhas cruiscín dhe Thobar na mbuadh agam atá sa taobh o thuaidh dhe Ifreann. “Teirigh dhá iarraidh siud” adeir a fathach le Jack. Thug sé dho an crúiscin ansoin le na lán a thabhairt leis. Nuair a chuaidh sé amach an sin bhí an bromach roimhe. Ní deanfhaidh tú aon mhaith ansois” adeir sé. “Dféudfhainn-se mé féin a dhul ann leis an gcrúiscín sin” adeir sé “ach ní dheanfá sa aon mhaith mar a mbeadh crúiscín eile a’d. Ach gabhfaidh muid chomh fada le bun an chnuic” adeir sé.

Dimtigh leothabh go ndeachaidh siad chomh fada le bun a chnuic. “Dféudfhainn-se mé fhéin a dhul ann anois” adeir sé “dféudfhainn priachán nú rud eicint a dheanamh dhíom fhéin ach ní bheinn i ndon a dá chrúiscin a thabhairt liom.” Adeir sé. “Ach marbhuigh mise” adeir sé. “Bhfeiceann tú an loch sin thíos” adeir sé “feicim” adeir sé “bhfeiceann tú an dhá eala atá uirthi”. “Feicim” adeir sé. Ar an bpointe is a mbeidh mise marbhuighthe a’d feanfaidh tú mé agus tiocfhaidh na dá eala sin go m’ithe agus béarfaidh tú orthab agus tiubhraidh dhóib na dá chrúiscin agus gabhfaidh siad ann duit” adeir sé. Agus tiubhraidh siad agat an tuisge agus feudhfaidh tú mise leigheas.”

Mharbhuigh sé an bromach agus nuair abhí sé dhul dhá fheannadh tháinig bromach eile go dtí é. “Céard tá tú dheanamh” adeir sé. D’innis sé do “ná dean” adeir sé “ach seo píosa shíoda buidhe agus cas thimpeall air é ní leighfhidh sé aon bhlas in aice leis go ceann tamaill mise an chead bhromach a casadh ort agus ‘s mé athair an bhromaigh sin. Dhá dtiubhrfá cead don bhromach sin an triomhadh sleacht ól dheanfadh sé chuile short dhuit. Tá an bhainrioghan sin faoi shleais ag trí diabhal in Ifreann. Bhí míse pósta aici agus rinne sí bromach díom agus rinne sí bromach dá mac agus rinne sí an fáinne a chuirfheas sí iarraidh an chead uair eile tú dhá hingean agus chuir sí sa bhfairrighe dhearg í. Agus rinne sí an dá eala sin thíos dá hathair is dá mathair. Dá leigteá dho na da eala sin a theacht in aice leis an mbromach díosfeidh siad é ach ní raibh fhios aige é. Agus rinne an bhannrioghan sin freisin an Stud A Bells dá dreathair agus chuir sí céad feát síos san aill í.

Tiubhraidh mise agat an dá cruiscín uisge sin, ach ‘s fada go dtí é. Caitfhid mé dhul go dtí m’ingean a tá na fáinne sa bhfarrige dhearg. Deanfaidh muid dhá phriachán dhiún fhéin agus gabhfaidh muid ann. Nuair a bheas mé ann feicfhidh mé cá mbeidh sí leis an solas a bheas ar an bhfáinne. Ansoin deanfaidh mé easgan dhíom féin agus gabhfaidh mé go dtí í.

Draoidheadoir abhí ionam sa i nGlean Na nGealt agus ní raibh aon dhuine i ndon a dhul go Gleann An Uaignis ariamh go ndeachaidh mise ann agus seobh é an chaoi atá orm aici anois. Agus tá neart aimsir romhat-sa adeir sé. Chuir Jack an síoda ar an mbrumach ansoin. Chuaidh siad ansoin go dtí an áit a ribh an ingean agus chuaidh seisean ansoin agus rinne sé easgan de fhéin agus chuaidh sé agus thóig sé an fáinne. Nuair abhí an fáinne tóigthe ansoin

d'eirigh siad 'na dtrí bpriachán go ndeachaidh siad go dtí an áit a raibh an bromach arist. Nuair abhí siad ann ansoin ina bpreacháin chuir sé seo na crúiscíní timpeall ar mhuineál an bheirt acab - an tathair agus an ingean. "Nuair a bheas muid a dhul ann anois" adeir sé "caithfidh muid fanacht árd as cionn an chnuic mar dhá bhfanfhadh muid íseal lasfhadh na lasrachaí atá ag eirigh as teinntí lfreann muid".

D'ímtigh léothabh ansoin agus ní mórán achair go raibh siad ar ais aris agus na crúiscíní acab. Nuair a tháinig siad ansoin chumil siad cuide dhen uisge dhen bhromacháin agus deirigh sé suas ina fhear. Chumil sé ansoin de fhéin é agus chumil sé dhen fhainne é agus deirigh siad suas i na bhfear agus ina mbean. Chuir a fear ansoin ialach ar Jack blogam maith de ól agus níor fhág sé aon áit ina chraiceann nar chuimil sé de é. Ansoin thug sé ag an mbainrioghan an crúiscín uisge eile. Nuair a thug sé isteach an tuisge ansoin aici chuir sí síos pota mór millteach uisge agus chuir sí fiuchadh é. Bhain sí dhí a cuid éudaigh agus chumil sí cuid den uisge uirthi fhéin agus ansoin chuaidh sí dhe léim síos sa bpota agus aníos as aríst. "Ní phósfhaidh mise aon fhear go bráthach ach an fear a dheanfhas é sin." Adeir sí, dean é sin adeir an fathach. "Ní dheanfhaidh mé" adeir Seán "dean thú fhéin é ó tharla gur tú tá dhul ghá póasdh. Ní raibh mise ach ag deanamh soiligheas dhuit a gcomhnuidhe. Má dheanan-se é nach a'm a bheas an bhean. "Nuair a bhíodhadh a bainnt an bhean de ansoin deirigh sé agus stripéail sé é fhéin agus chuaidh sé dhe léim sa bpota mór síos agus arnú bhí sé cáillte sál da dtáinig sé aníos as.

Chuir Seán ansoin an fathach agus chuir sé go breá fiúntach freisin é mar bhí an téagar breagh fágthaí in dhiadh aige. Bhí sise sásta ansoin nuair abhí an fathach curtha. "Ba cheart dhuit anois" adeir sí "adhul sa bhfarrige dhearg agus an fáinne atá ann a thabhairt agam. "Níl mé ag cur aon gheasa ort" adeir sí ach ba cheart dhuit adhul ann dom." "Ní ghabhfhadh muise" adeir sé. Níor mhiste liomsa anois dhá mbeidhfheá a cur geasa go ceann seachtaine orm ach ní ghabhfaidh mé aon áit níos mú dhuit." "Bhoil muise ní phósfhaidh mise thú" adeir sí "nuair nach bhfuil tú dhul ann dhom go ceann trí oidhche go dtiubhrfhaidh mé trí cinn dhe sheoidí duit agus mara mbeidh siad a'd dom bainfhidh mé an cloigeann dhíot." "Ní bhainfhidh tú an cloigeann díom sa adeir sé "mar ní thiubhraidh mé chead dhuit." "Tiubhraidh mise trí sheoidí duit" adeir sí "trí oidhche in dhiadh a chéile agus mara mbeidh siad siad sin a'd dhom ní phósfhaidh mé tú" adeir sí "Muise go deimhin ní fearr liomsa sa a phósadh." San oidhche ansoin tháinig fear Ghleann Na nGealt chomh fada leis. Bhoil is ad tá an claimhe is fearr faoi'n domhan" adeir sé claimhe an fhathaigh sin, agus tiubhraidh mise clóca freisin dhuit" adeir sé "a chuirfheas tú ort nuair a ghabhfhas sí sin amach go leanfhaidh tí í agus nach mbeidh sí i ndon thú fheiceáil agus beidh fhios a'd cá ngabhfhaidh sí" adeir sé.

San oidhche ansoin thug sí plata óir dhó. "Bíodh sé sin ad domsa a maireach" adeir sí nú mara mbeidh bainfhidh mise an cloigeann díot." Leag sé an áit eicínt eile rus go bhfaca sí é. "Chreidim nach gcoróchaidh sé as sin go dtí a maireach" adeir sé. 'Sgearr go bhfaca sé an a breith ar a bplata í agus a dul amach lean sé í. Cáil tú dhul" adeir sé ní fhaca sí amharca' bith air ach go gcuala sí a chainnt é. "Donas 's tubaiste shiorraidh ort sa" adeir seisean. "Tá mise a dul i mo ghraithe fhéin." Ghread sí léithi agus ghread seisean ina diadh. Níor stop sí go ndeachaidh sí go hlfreann. Thug sí an pláta don diabhal beag. "Mara mbeidh sé sin a'd dhom-sa a máireach ní beó bheas tú 'mo dhiadh adeir sí. Rug a deabhal beag ar a bpláta go

gcuirfheadh sé i gcóra é nuair a shíl sé é chur sa gcóra rug Seán ar a bpláta agus bhain sé an cloigeann dhen diabhal. Tháinig seisean abhaile agus tháinig sise abhaile í féin, nuair a deirigh sí ar maidin dhfiarruigh sé dhe a raibh an pláta aige, dubhairt seisean go raibh agus spáin sé di é. Ní raibh aon dath dhe dhá dhath dhéag nach dtáinig uirthi. Nuair a tháinig an oidhche ansoin thug sí spúnóg dhó. "Bíodh sí sin a'd ar maidin" adeir sí. Ná bíodh faitchios a' bith ort nach mbeidh " adeir sé. Nuair a chonaic sé a dul amach í agus a tabhairt a spúnóg léithi lean sé í. "Cáil tú dul" adeir sé "donas is tubaiste shiorraidh ort" adeir sí tá mise dul i mo ghraithe. Cáil tú féin a dhul. "Donas is tubuiste shiorraidh ort sa "adeir sé "tá mise a dhul i mo ghraithe fhéin." Níor stop sí go ndeachaidh sí go hlfreann agus níor stop seisean go ndeachaidh sé 'na dhaidh ann, gur shín sí an spúnóg ag an deabhal mór í. "Má fheicim se í sin máireach adeir sí" ní thiocfhaidh sé go maith dhom" Nuair a shíl an deabhal mór an spúnóg a leagan isteach i gcóra abhí ann rug seisean ar a spúnóg ina láimh agus thóg sé ón diabhal í agus thairring sé an láimh eile agus bhain an ceann dhe. Thug sé leis abhaile aríst an spúnóg. Nuair a d'eirigh sí ar maidin "bhfuil an spúnóg a'd" adeir sí. "Ó deimhin tá" adeir sé. Tháinig seacht ndath uirthi in aghaidh gach dath dá dtáinig cheana uirthi. Ní bheidh ann ach an oidhche anocht" adeir sí "má bhíonns an rud a thiubhrfhad mise dhuit anocht a'd dhom a máireach. San oidhche ansoin aríst thug sí ciar dhó. "Má bhions sí sin a'd dhomsa a máireach" adeir sí "beidh muid a dhul a pósadh." Bhí sé faire ar a gciar ach sgearr go bhfaca sé a thabhairt léithi an chiar í agus a dhul amach lean sé í. "Cáil tú dhul" adeir sé. "Donas is tubuiste shiaruidhe ort" adeir sí "tá mé dhul i mo graithe. Cáil tú féin a dhul." "Donas is tubuiste shioruidhe ort-sa adeir sé "tá mise a dul i mo ghraithe fhéin. Níor stop siad go ndeachaidh siad go ndeachaidh siad go hlfreann agus go dtug sí an chiar dhin sean deabhal "agus teastuigheann sí uait" adeir sí le do chloigeann a chiaradh". Nuair a diompaigh an sean deabhal thart a dhul a leagann suas an chiar rug seisean ar an gciar ina laimh agus tharraing sé an claimhe leis an láimh eile agus bhain sé an cloigeann dhen diabhal agus thug sé leis an cloigeann agus an chiar. Nuair a d'iarr sí an ciar ar maidin air thug sé anuas an ciar agus an cloigeann. "Seod é anois" adeir sé an cloigeann abhí tú rádh a theastuigh a chiarradh leis an gciar agus ba cheart dhuit fhéin é chiaradh anois." Ní raibh fhios aici ar 'na suidhe nú na seasamh abhí sí, ní raibh fhios aici céard a dheanfhadh sí léithi fhéin. "Tá muid a dhul a posadh anois" adeir sí. "Níl muid a dhul a pósadh" adeir sé. "Tá tuas pósta cheanna" adeir sé. "Táim" adeir sí. "A bhfuil tú i ndon anois" adeir sé "an chaoi a chuir tú ar tfear agus ar tathair agus do mhathair agus ar do dhréathair a leigheas. " Ní lim" adeir sí. "Níl mé indon tada a dheanamh anois" adeir sí. "Tá mo chuid ceannphoirtí marbh a'd sa-na diabhail" "Ar fhan deoir a bith dhen uisge a'd" adeir sé. "Ní hé go leor é" adeir sí. Bféidir go leigheasfhadh an méid sin féin do dhreathair" adeir sé. Fuair sé an tuisge ansoin uathe an méid abhí ann agus chumil sé dhen Stud A Bells é agus deirigh sé suas ina fhear bhreagh. Nuair abhí sé tógthí ansoin. "Tá m'fhear anois adeir sé "agus m'athair agus mo mháthair gan tóigeál a' bith fós. "Is tú is cionntach" adeir sé "nach tú fhéin a chuir an chaoi sin orrthab." "Nach gcaithfinn é dheanamh" adeir sí "nuair abhí mé díolta leis na diabhail." Bhoil tá chuile shórt ceart anois" adeir sé "ach tathair agus do mháthair agus dfan siad sin ar a loch go brátach." "Tá adeir sí má tá an muinntir eile ceart." "Tá adeir seisean. "Tá an mhuintir eile tógthí a'm sa agus tá mé adeir sé a dhul a pósadh na hingean. Is futha a fuair mé na geasa" adeir sé. Is uirthi atá an cúl ruadh adeir sé. "Sí an bhean is breaghtha faoi'n domhan í" adeir

sé. "Ach ní raibh tusa go breagh" adeir sé. Mar bhí an oiread dhen diabhal ionnat agus nach bhféudhfá bheith go breagh.

Ní raibh sé bhfad chor a bith ansoin go dtáinig an fear agus an mac agus an ingean isteach acab. Agus arnú chaith siad an oidhche trian le fiannaidheacht trian le sgéuluidheacht trian le súm sám agus fíor chodhladhta. Nuair a d'éirigh siad ar maidin ansoin "a bhfuil tusa dhul a tabhairt na hingean seo dhomsa" adeir sé leis an athair. "Táim" adeir sé "A bhfuil tusa dhul dá tabhairt dom" adeir sé leis an máthair. "Ó mui se táim" adeir sí agus mo sheacht míle beannacht."

Dimtigh léothab ansoin agus chuir siad fios ar shagart méise agus a chléireach uisge gur pósadh iad. Nuair abhí siad pósta ansoin bhí bainis seacht noidhche agus seacht lá acab. Ní raibh fhios cé bfearr an chéad oidhche ná an oidhche dheirneach le ghréigreacha beoir loclanach blas na meala ar chaon ghreim agus gan aon ghreim tur.

"Bhoil anois adeir Jack féidfgaidh sibse fanacht an aonfhacht liomsa ní mé dhul go Glean an Uaignis má thogruigheann sib é. Ní raibh mise ariam i nGleann an uaignis agus ní ghabhfaidh mé anois ann mé féin ná mo bhean." Chuaidh siad san ansoin go Gleann an Uaignis agus d'fhan seisean agus a bhean san áit a raibh siad.

Chuaidh sias an táth agus chuaidh mise an Clochán. Níor thug siad dhom ach bróga páipéir stocaí bainne reamhar buan is leath phingun airgid. Dól mé tigh Chrochubhair a chrochubhair i gCatair Muiris é. Bhí an coileach a rith orm agus dá mbeireadh an chearc orm ní fhágfhadh sí deoir ionam.

22/9/35

Col ceathar dho Mhicilín a dinnis an sgéal seo dhó. Tomas'Ac Dhonnachadha abhí ar an gcol ceathar seo. Sé dinnis do Mhicilín na sgéulta is fearr atá aige.

1. Tighearna an Aigín Maide.
2. Sgéal Bhanrioghan Ghleann Uaignis.
3. Sgéal an tAthair Peadar Ó hífrnín
Naomh Pádraic
Cuairtugad na mbotáin a a siocrán na hoidhce.